M65T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006**

# EALAÍN

## Gréaschóiriú

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% den mharc iomlán ar an Ealaín.

**Déardaoin, 4 Bealtaine, Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Déardaoin, 27 Aibreán**

### Treoracha

- Ceadaítear bileog **amháin** A2 agus sceitsí ullmhúcháin uirthi a thabhairt isteach san ionad scrúdaithe mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog sin a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb é do chuid oibre pearsanta féin, a rinne tú gan chúnamh, atá ann.

- Ní cheadaítear duit aon áis amhairc sa bhreis (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe nó obair ealaíne réamhullmhaithe) a thabhairt isteach go dtí an scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do dhearadh molta deiridh.

- Ní cheadaítear ábhair orgánacha nach bhfuil marthanach a úsáid.

- Ceadaítear úsáid a bhaint as pé meáin ealaíne agus uirlisí is gá chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, t-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

- Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

- Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog Ullmhúcháin (TAIGHDE)** **(0 marc)**

Ba chóir do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin a chur i gcrích i gcaitheamh na seachtaine roimh an scrúdú agus is é do chuid **taighde** is cóir a bheith ann. Is é is cóir a bheith san obair seo ná rogha de léirmhínithe pearsanta agus de thuairimí pearsanta a bhfuil tacaíocht taighde leo agus atá bunaithe ar do cheist roghnaithe. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Déan do chuid oibre ar aon taobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna gearrtha amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór gach píosa oibre dá leithéid **a ghreamú síos** go cothrom ar an mbileog ullmhúcháin A2.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(10 marc)**

Déantar an bhileog A2 de réamhsceitsí a chur i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** í seo inar chóir plé breise a dhéanamh ar smaointe atá i do bhileog ullmhúcháin. Is cóir gach gné den dearadh 2D nó 3D a chur san áireamh, de réir mar is cuí don cheist atá roghnaithe agat, agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe sin. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú. Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2, agus sceitsí amháin a úsáid, agus iad daite más mian leat. Caillfear marcanna má dhéantar rudaí a chóipeáil go díreach ón mbileog ullmhúcháin. Déan do chuid oibre ar aon taobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: Dearadh Molta Deiridh** **(80 marc)**

Cuirtear do dhearadh molta deiridh i gcrích le linn an scrúdaithe. Eolas ar bith a mheasann tú atá riachtanach chun do dearadh molta deiridh a chur in iúl, ba chóir é a chur isteach agus tagairt shonrach a dhéanamh do ghnéithe físiúla, feidhmiúla agus ábhartha do rogha ceardaíocht, in áit aird a dhíriú go hiomlán ar phíosa ealaíne a bhfuil bailchríoch den scoth air a tháirgeadh.

**Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas:**

- **Do Bhileog Ullmhúcháin A2**
- **Do Bileog Réamhsceitsí A2**
- **Do Dhearadh Molta Deiridh**

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Bhí sraitheanna crann úll curtha ag tuismitheoirí Ben ar bhruach thoir Abhainn an Cholumbia. Thug poibleoga Lombardacha fothain dá gcuid úllord agus scuabadar síos go caithiseach i dtreo na habhann, na sraitheanna lán de dhíoga uisciúcháin, d'fhéar gortach ar a raibh ribí géara dlúthfháis, agus tacaí i gcomhair na gcraobhacha i gcoinne na ngéag gabhlach. Bhí trí acra déag Golden Delicious ann, dhá acra Winesap, dhá acra Rome Beauty, agus ocht n-acra silíní agus aibreog. Bhí seantáin ann do lucht a mbainte a thagadh i mí an Mheithimh agus bothán síonchaite ann chun boscaí a dhéanamh agus úlla a phacáil i bpáipéar íle, scioból lán go dtí na rachtaí d'fhéar tirim, stábla do na capaill, cró cearc, cró eile, teach leac oighir, agus teach caidéil do thobar beag. Bhí teach feirme mhuintir Ghivens suite ar mhaolchnoc agus é timpeallaithe ag leamháin agus saileacha chun scátha. Laistigh féin, fiú, bhí boladh sáiste ar fud an bhaill, agus ón bhfuinneog tosaigh bhíodh na cnoic a shín i dtreo an iarthair umhadhaite ag an bhfuineadh gréine. Bhíodh cuaifeach i mbarr na gcrann nuair a d'ardaíodh an ghaoth, agus nuair a d'fhágtaí na fuinneoga ar leathadh tráthnónta samhraidh bhainfí geit as duine le fothram na mbrainsí ag tuairteáil. Bhíodh gaoth sna crainn ó cheann ceann na bliana, agus cumhracht na sáiste san aer.

Rinne Ben boscaí úll as burlaí giúise, stoith sé fiailí sa gharraí, scoilt sé cuail adhmaid don tine, agus bhlíodh sé na ba faoi dhó gach lá. San earrach thugadh sé cúnamh dá athair agus dá dheartháir chun na coirceoga pailnithe a chur amach. Nuair a thagadh an bháisteach, bhíodh na loc-chomhlaí ag cur thar maoil le fiailí agus sheasadh Ben agus Aidan sna díoga chun iad a ghlanadh de láimh. Bhí crainn fothana le cur freisin mar chosaint ar an ngaoth agus crainn Jonathan a chur le pailniú. San Aibreán agus sa Bhealtaine bhí crainn óga le cur agus crainn fhásta le stoitheadh. Go luath sa samhradh dhéanaidís fuirseadh le diosca idir na sraitheanna chun na húlloird a choimeád glan ar lucha. I mí Iúil chuiridís maidí forleatacha sna crainn bhliana agus cheanglaídís na brainsí siar. Bhíodh na torthaí le tanú i gcónaí i lár an tsamhraidh, brainsí le prapáil agus le ceangal siar chun nach snapfaidís faoi na húlla. I mí Lúnasa a bhí an séasúr bainte; san fhómhar agus sa gheimhreadh bhíodh na crainn le bearradh, agus cairn de shlata uisce le loisceadh.

Thosaigh an fásach san áit ar tháinig deireadh leis na húlloird – butaí, cumair, cainneoin gan ainm, fairsinge gan áireamh de thriomach ag síneadh amach gan chríoch, í griandóite, ciúin, uaigneach. Thugadh Ben agus Aidan na madraí leo isteach sa tír sin ar thóir gearg, tiucar, agus chearca fraoigh na sáiste, agus an uair fhánach chaithidís urchar le coinín fireann. Chuadar ar muin capaill nuair a bhí an deis acu, na gránghunnaí caite thar a ndroim acu, na ceaintíní ag slapaireacht in aghaidh na diallaite. Uaireanta champálaidís sa tsáiste istoíche, mar a nglanaidís na héin agus a gcuiridís ar bheara le cúram iad - gas sáiste sáite sa bholg folamh - agus róstaidís an fheoil os cionn tine cipíní. Luídís siar ina dhiaidh sin, a lámha sínte laistiar dá gceann, agus i mbun comhrá dóibh bhreathnaídís ar na spéartha.

Bhí fiche mí ag Ben ar Aidan, é téagartha, cruadhéanta, réchúiseach. Bhíodh sliseog ghiúise idir na fiacla aige agus é i mbun oibre, lí allais ar na bacáin bhrád aige, agus tosach a léine báite i líne ón gcnámh uchta go dtí a imleacán. Chrochadh a hata go híseal de ghnáth os cionn chlár a éadain, i dtreo go mbíodh na súile faoi scáth dorcha ag an bhfeirc, ach nuair a labhraíodh duine leis chrochadh sé an fheirc in airde agus d'éisteadh sé agus na súile bíogtha aige sula dtugadh sé freagra. Duine caidéiseach suairc ba ea Aidan; cneas donn air agus súile gorma aige. Thaitníodh sé leis buille snámha a dhéanamh san abhainn leis an gclapsholas, tamall suas ón teach rainse, sa chaise chúil i nguairneán beag. Bhaineadh Ben agus Aidan díobh ar an mbruach, agus chaithidís na léinte agus na treabhsair in airde ar na carraigeacha teo snasta ar an mbruach. Shínidís a ngéaga agus rithidís a lámha ar a mboilg trí chlúmh ina raibh flioscaí pailine, duillí na gcrann úll, nó peitil bhláthanna. Phlabaidís isteach san abhainn ansin. Shníodh an t-uisce go caoin ar a ndroim, agus sheolaidís le sruth an ghuairneáin nó shnámhaidís ina choinne, agus thuas ar an gcnoc bhíodh gríos ar na húlloird ón solas ag dul in éag.

Sliocht as *East of the Mountains* le David Guterson

## Sliocht B

I dtosach báire, samhlaigh foraois. Is mian liom tú an a bheith i do choinsias aici, na súile sna crainn. Colúin de choirt chraicneach riabhach iad na crainn ar nós ainmhithe féitheogacha a bheadh fásta thar cuimse réasúin. Tá gach spás lán suas de bheatha bhíogtha: froganna íogaire nimhiúla agus dathanna cogaidh orthu ar nós cnámharlach…iad ag úscadh a gcuid uibheacha luachmhara ar dhuillí a bhfuil an t-uisce ar sileadh uathu. Féitheacha ag tachtadh a gcineáil féin san achrann síoraí ar son sholas na gréine. Análú moncaithe. Snámh tairr nathrach ar chraobh. Arm seangán ina sraoillín ag smailceadh crann ollmhór ina ghráinníní ar aon mhéid agus á dtarraingt síos isteach sa dorchadas dá ríon craosach. Agus, mar fhreagra, cór síológ ag lúbadh a muineál amach as stumpáin lofa crann, ag sú na beatha as an mbás. Itheann an fhoraois seo í féin agus maireann go deo…Nuair a mhaolaigh an ar an mbáisteach, bhláthaigh gairdín m'athar sa teas mar a bheadh duine a rachadh chun teasaíochta i dtobainne. Ba bhreá lena chroí, a dúirt sé, a bheith ina sheasamh ansin amuigh ag faire ar rudaí ag fás, agus chreidfeá é. Chas gasa na bpónairí thart ar na típíonna a rinne sé de shlata dóibh, agus chrochadar go luascánach ard, agus níos airde fós ar nós guthanna ban sa chór, gach ceann díobh san iomaíocht chun an barr buaice a bhaint amach. Shíneadar chomh fada le craobhacha na gcrann in aice láimhe agus d'fhigh in airde isteach sa cheannbhrat.

Ghlac na féithleoga puimcín pearsantacht plandaí dufaire chucu féin freisin. Tháinig fás chomh haisteach ollmhór sin faoi na duillí go bhfanadh Ruth May socair fúthu agus bhuadh sí sa chluiche 'Folach Fiaigh' tamall fada tar éis don chuid eile againn éirí as an súgradh. Nuair a théimis ar ár gcorraghiob d'fheicimis, taobh le súile gorma leathana Ruth May, lusanna buí cúcamair agus scuaise ag gliúcaíocht amach as dorchadas na nduillí.

Bhí m'athair ina fhinné ar dhul chun cinn gach duille nua agus gach bachlóg bhlátha mhéith. Shiúil mé laistiar de, gan satailt ar na féithleoga. Thugas cúnamh dó chun baracáid righin a dhéanamh de mhaidí timpeall ar an imeall chun nach scriosfadh ainmhithe na dufaire agus gabhair an tsráidbhaile ár nglasraí leochaileacha nuair a thiocfaidís isteach …

Gach cúigiú lá, ó gach aird laistigh de raon coisíochta ón sráidbhaile, nochtadh daoine sa sráidbhaile agus a lámha lán, nó gan dada iontu, agus b'eo leo ag margáil suas síos na sraitheanna fada ina mbíodh táirgí leata amach ar mhataí ar an talamh ag na mná. D'fhanadh na mná díolacháin ar a gcorraghiob, strainc orthu, a smig anuas ar na lámha a bhí trasna ar a chéile, laistiar de dhúnfoirt de chnónna *kola* carntha, de bhurlaí de mhaidí cumhra, de ghual adhmaid ina chairn, de bhuidéil agus de channaí ar tugadh tarrtháil orthu, nó de thaispeántais de bhaill ainmhithe thriomaithe. Bhídís ag cásamh de shíor agus iad ag tógáil agus ag atógáil lena lámha neamhfhuadracha leathair, a bpirimidí oráistí scothghlasa breaca, a gcuid mangónna agus claífort cuartha de bhananaí glasa crua. Tharraing mé anáil dhomhain agus dúirt mé liom féin go mbíonn tuiscint idir mhná uile an domhain lá margaidh. Ní raibh léamh ar bith, áfach, ag mo shúil ar na mná díolacháin úd: chasadar éadaí dathgheala timpeall ar a ngruaig, iad chomh gealgháireach le cóisir, ach thugadar grainc ghránna bhuan ar an saol. Ligeadar siar a gceann le díomhaointeas caolsúileach fad a mhaisíodar folt a chéile ina réaltraí suaithinseacha spící …

Sliocht as *The Poisonwood Bible* le Barbara Kingsolver

## Sliocht C

Measaim go ndéanfainn spásaire den scoth.

Ní mór do dhuine a bheith éirimiúil chun bheith ina spásaire maith, agus táimse éirimiúil. Bíonn ort a thuiscint freisin cén chaoi a n-oibríonn meaisíní. Bíonn ort freisin a bheith i do dhuine ar mhaith leis a bheith leis féin i spásárthach bídeach na mílte mílte míle i gcéin ó dhromchla an domhain gan anbhá a theacht air ná clástrafóibe ná cumha i ndiaidh an bhaile ná gan é dul as a mheabhair. Is breá liom ar fad spásanna, a fhad is nach mbíonn aon duine eile iontu i mo theannta. Uaireanta nuair is mian liom a bheith liom féin téim isteach sa chófra aerála sa seomra folctha agus fáiscim isteach taobh leis an gcoire agus dúnaim an doras i mo dhiaidh, á tharraingt, agus bím i mo shuí ansin ag machnamh ar feadh uaireanta an chloig agus éirím an-socair istigh ionam féin.

Chaithfinn a bheith i mo spásaire liom féin, mar sin, nó mo chuid féin den spásárthach a bheith agam nach dtiocfadh duine ar bith eile isteach ann.

Agus freisin, ní bhíonn rudaí buí ná rudaí donna ar bith i spásárthach agus bheadh sé sin OK, chomh maith.

Agus chaithfinn labhairt le daoine eile ó Mission Control, ach dhéanfaimis é sin trí nasc raidió agus trí mhonatóir TV agus ní fíordhaoine, daoine strainséartha, a bheadh iontu, ach bheadh sé ar nós cluiche ríomhaireachta a imirt.

Ní bheadh cumha ar bith orm i ndiaidh an bhaile ach oiread, mar bheadh mórán de na rudaí is breá liom timpeall orm, is iad sin meaisíní agus ríomhairí agus an cianspás. Agus bheinn in ann féachaint amach fuinneoigín an spásárthaigh agus a fhios a bheith agam nach raibh deoraí ar bith eile i mo ghaire ar feadh na mílte mílte míle, mar a bhím ag ligean orm uaireanta istoíche sa samhradh nuair a shínim amach ar an bplásóg agus nuair a fhéachaim in airde sa spéir agus nuair a fháiscim mo lámha le taobh m'aghaidhe ionas nach bhfeicim an fál ná an simléar ná an líne níocháin agus ionas gur féidir liom ligean orm go bhfuilim sa spás.

Agus ní bheadh le feiceáil agam ach réaltaí. Agus áiteanna iad na réaltaí inar tógadh na móilíní a bhfuil an saol déanta díobh, na billiúin bliain ó shin…

Agus ba bhreá liom dá bhféadfainn Toby a thabhairt liom sa spás, agus b'fhéidir go gceadóidís é sin mar tugann siad ainmhithe sa spás uaireanta ar mhaithe le turgnaimh a dhéanamh, agus dá bhféadfainn cuimhneamh ar thurgnamh le dealramh a d'fhéadfaí a dhéanamh le francach nach ngortódh an francach, d'fhéadfainn iallach a chur orthu Toby a scaoileadh liom.

Ach mura dtabharfaidís cead dom d'imeoinn liom pé scéal é mar bheadh mian mo shaoil agam.

Sliocht as *The Curious Incident of the Dog in the Night-Time* le Mark Haddon

- **Roghnaigh ceann amháin de na roghanna dearaidh seo.**
- **Ní mór nasc díreach a bheith ag do dhearadh leis an sliocht tuairisciúil atá i gceist, agus a bhrí agus a chiall a léiriú.**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Clúdach tosaigh le haghaidh paicéad síolta – bíodh sé bunaithe ar Shliocht A nó ar Shliocht B.

(b) Cló-éadan maisithe (aibítir) atá bunaithe ar an gcuntas ar an Dufair i Sliocht B. Ní mór duit cúig litir ar a laghad a roghnú. Is féidir ceannlitreacha nó litreacha beaga a dhearadh.

(c) Póstaer le Spásairí a earcú do chlár nua fionnachtain spáis, bunaithe ar Shliocht C.

Litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta is fearr. Tig leat oibriú de réir scála. Ba chóir duit na toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le do rogha clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach, agus ar an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tig leat íomhánna, móitífeanna maisithe, focail agus litreoireacht léiritheach a chur san áireamh.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Cruthaigh dearadh do phrionta líonóile do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid do lipéad le cur ar cheann de na boscaí úll a rinne Ben i Sliocht A.

(b) Léaráid bunaithe ar an gcuntas ar ainmhithe **nó** ar fheithidí i Sliocht B.

(c) Léaráid do chárta dea-mhéine chun beannachtaí a chur leis an tráchtaire i Sliocht C ar a aistear sa spás.

Ba chóir go léireodh do dhearadh tuiscint chuimsitheach ar airíonna an líonóilghearrtha agus na priontála, a gcuid féidearthachtaí agus a gcuid srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh d'aon dath amháin **nó**, do dhá dhath phriontáilte, ar a laghad. Ba chóir go dtaispeánfadh do dhearadh críochnaithe eolas a bhaineann leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh, dathdhealuithe (más cuí), agus na cineálacha éagsúla gearrthacha atá le húsáid, san áireamh.

**3. Fabraicphriontáil**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Athphatrún do cheann de na "héadaí dathgheala" a chaithfeadh duine de na mná díolacháin, a bhfuil cur síos orthu i Sliocht B, ar a cloigeann. Ba chóir do dhearadh a bhunú ar íomhá, ar théama nó ar mhóitíf ó Sliocht B.

(b) Athphatrún leath-thitime d'éadach boird i dteach feirme. Ba chóir duit do dhearadh a bhunú ar Shliocht A.

(c) Brat balla bunaithe ar Shliocht C.

Ní mór don dearadh agat a bheith oiriúnach do bhaitíc, don bhlocphriontáil, don scáthlánphriontáil nó don stionsailphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir úsáid a bhaint as trí dhath ar a laghad agus bíodh forchlónna san áireamh agat sa dearadh. Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit na toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**4. Bróidnéireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Mála oíche a bheadh oiriúnach le tabhairt chuig bál ollscoile bunaithe ar théama na Dufaire i Sliocht B.

(b) Móitíf mhaisithe nó dearadh chun culaith an spásaire a mhaisiú bunaithe ar do léamh ar Shliocht C.

(c) Brat balla tríthoiseach i bhfoirm rilífe bunaithe ar aon cheann de na sleachta tuairisciúla.

Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit na toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas agat ar do rogha ábhar, greamanna, coirníní agus teicníochtaí atá le húsáid i gcur i gcrích do dhearaidh.

**5. Fíodóireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Brat balla bunaithe ar na húlloird a bhfuil cuntas orthu i Sliocht A.

(b) Taipéis a mbeadh mar inspreagadh aige radharc an mhargaidh a bhfuil cuntas air i Sliocht B.

(c) Teicstíl fhite a bheadh oiriúnach do chumhdach suíocháin istigh i spásárthach.

Ba chóir go gcuirfeá san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus leis an uigeacht, agus ba chóir go mbeadh eolas ann ar an bhfí agus ar na hábhair atá le húsáid. Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit na toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**6. Criadóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa dealbhóireachta, a sheasann uaidh féin, d'Aidan mar atá sé sa chuntas i Sliocht A.

(b) Plaic bhalla bunaithe ar an gcuntas ar an ngairdín sa Dufair i Sliocht B.

(c) Árthach feidhmiúil a mbeadh mar inspreagadh aige Aistear sa Spás. Is féidir an dearadh don árthach a bheith traidisiúnta nó comhaimseartha agus é a bheith ar mhéid, ar chruth nó ar fhoirm ar bith a mheasann tusa a bheith oiriúnach.

Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir na toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na teicníochtaí a mbainfear leas astu chun do dhearadh a chur i gcrích. Luaigh sonraí na nglónraí agus an mhaisiúcháin atá le húsáid.

**7. Puipéadacht**

Bunaithe ar do léamh ar na sleachta tuairisciúla dear puipéad feistithe do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) An Bainteoir Torthaí

(b) Duine de na mná sa mhargadh i Sliocht B.

(c) An Spásaire

Is féidir an dearadh a dhéanamh do phuipéad lámhainne, do phuipéad slaite nó do phuipéad téide. Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir n\ toisí a thaispeáint. Cuir in iúl cén chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus cén chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Luaigh sonraí na n-ábhar atá i gceist agus na dteicníochtaí maisiúcháin atá le húsáid i gcur i gcrích do dhearaidh.

**8. Leabharcheardaíocht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) An clúdach ar chatalóg phostdíola don fheirm thorthaí i Sliocht A.

(b) Clúdach leabhair do leabhar leanaí dar teideal "Eachtraí Toby, an Francach a Chuaigh Amach sa Spás".

(c) Pórtfóilió a choinneodh sraith de léaráidí agus de phictiúir phéinteáilte a rinneadh san Afraic.

Tig leat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfadh an dearadh críochnaithe na toisí, chomh maith leis an gclúdach tosaigh, an clúdach cúil agus an droim. Ba chóir litreoireacht lámhdhéanta a bheith ann.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Bunaithe ar an léamh a dhéanann tú ar na sleachta tuairisciúla, déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Mála iompair a fhógraíonn réimse nua éadaí bunaithe ar na cuntais ar shaol na tuaithe i Sliocht A nó ar théama na Dufaire/na hAfraice i Sliocht B.

(b) Dearadh do chlár mór fógraíochta a fhógraíonn lainseáil spásárthaigh nua gan mhoill.

(c) Stampa as tír Afracach, a mbeadh Sliocht B mar inspreagadh aige.

Ba chóir go dtaispeánfadh an dearadh críochnaithe na toisí agus eolas cuí maidir leis an gcaoi a dtáirgfear é.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht:**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal rilífe don bhealach isteach i dteach aíochta Leaba agus Bricfeasta ar fheirm sa cheantar tuaithe a bhfuil cur síos air i Sliocht A.

(b) Saothar dealbhóireachta a sheasann uaidh féin le lonnú san aerfort áitiúil i do cheantar féin a dhéanfadh comóradh ar 50 bliain den spástaisteal.

Tig leat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníocht tógála chuí ar bith eile. Oibrigh de réir scála agus taispeáin na toisí agus eolas cuí ar na hábhair agus ar na teicníochtaí le húsáid i gcur i gcrích do dhearaidh.

**11. Seiteanna Stáitse**

Cruthaigh dearadh i gcomhair ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit do chlár cócaireachta arb iad Ben agus Aidan, cócairí a bhfuil clú agus cáil orthu le déanaí, atá á chur i láthair.

(b) Seit stiúideo do chlár teilifíse réadúil atá lonnaithe sa Dufair.

(c) Seit do scéal ficsin eolaíochta a thiteann amach ar bord spásárthaigh.

Ba chóir oibriú de réir scála agus na toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus leis an gcaoi a dtógfar do dhearadh.

**Leathanach Bán**